



Rijksoverheid



Ár bhFís den Eoraip

Tuairimí, smaointe agus moltaí

Topaicí

- Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil
- Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist
- An daonlathas Eorpach
- An tAistriú Digiteach
- Oideachas, cultúr, an óige agus spórt

An 3 Nollaig 2021

Aistriúchán í an cháipéis seo ar an tuarascáil Ollainnise '*Onze kijk op Europa; meningen, ideeën en aanbevelingen*', [Ár bhfís den Eoraip – tuairimí, smaointe agus moltaí] a foilsíodh an 3 Nollaig 2021 (www.kijkopeuropa.nl). Is leagan simplithe é an t-aistriúchán seo as ar baineadh an bunleagan amach (léaráidí agus gnéithe stíle eile) chun críche aistriúcháin.

Ár bhfís den ...

Achoimre ar an tuarascáil: gach moladh ina gceann agus ina gceann

Bunaithe ar na comhphléití leis na saoránaigh, ‘Físeanna den Eoraip’, tá tuairimí agus smaointe shaoránaigh na hÍsiltíre maidir le todhchaí na hEorpa curtha i dtoll a chéile againn. Mar thoradh air sin, cuireadh na moltaí seo a leanas faoi bhráid an Aontais maidir leis na chéad chúig topaic.

Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil

Is den tábhacht go gcosnódh an tAontas an smacht reachta. Ar an dóigh chéanna, síleann saoránaigh na hÍsiltíre gur cheart na nósanna agus na cultúir éagsúla atá san Eoraip a chur san áireamh. Cé gurb iomaí sin buntáiste atá leis an gcomhar san Aontas, ba cheart mar sin féin go mbeadh breisluach ann do gach uile gheallsealbhóir. Is fíor sin freisin agus faisnéis slándála á roinnt. Má roinntear gach ní ar gach duine, is gearr go mbeidh an comhar gan éifeacht.

1. A chinntiú go n-airíonn cách saor sábháilte
2. Gan an tAontas a mhéadú mura mbeidh breisluach le baint as sin
3. Oibriú le chéile, go háirithe chun an choireacht idirnáisiúnta agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac

Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist

Is iomaí deis is léir do na hÍsiltírigh chun geilleagar na hEorpa a neartú. Bíodh sin mar atá, ní hionann aon dá thír. Go sonrach, ba cheart go mbeadh an córas cánach níos cothroime agus níos soiléire. Agus ní mór dúinne, anseo san Eoraip, díriú níos mó ar ár láidreachtaí amhail an cháilíocht agus an éagsúlacht. Ós amhlaidh atá, tig leis na Ballstáit oibriú le chéile chun an deis chéanna a chinntiú do chách ar mhargadh saothair na hEorpa.

1. An chosúlacht agus an éagsúlacht a chur san áireamh
2. Leas a bhaint as láidreachtaí na hEorpa
3. Córas cánach atá cothrom agus soiléir a fhorbairt
4. A chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár

An daonlathas Eorpach

Cé nach gá do na hÍsiltírigh a bheith ar an eolas faoi gach uile ghné den Aontas, mar sin féin, ba mhaith acu níos mó trédhearcachta agus tuisceana. Cuirim i gcás, tig le peirspictíochtaí na mBallstát eile cabhrú leis an bhforléargas a thabhairt. Ina theannta sin, creideann muintir na hÍsiltíre gur cheart don Aontas dul i mbun comhphlé níos minice leis na saoránaigh, agus go deimhin, más féidir, ar bhonn leanúnach. Tá sé tábhachtach ní hamháin leasanna éagsúla a chur san áireamh ach a chinntiú freisin go ndéanfar cinntí níos tapa ná mar a dhéantar faoi láthair.

1. Léargas níos leithne a thabhairt ar an Eoraip
2. Teacht ar bhealaí nua agus leanúnacha chun cluais a thabhairt do shaoránaigh
3. A bheith níos soiléire agus níos trédhearcaí maidir le cinntí
4. A chinntiú gur féidir deacrachtaí a shárú níos tapa

An tAistriú Digiteach

Tá an tsochaí ag brath níos mó agus níos mó ar an idirlíon, agus na mórchuideachtaí teicneolaíochta ag éirí níos cumhachtaí dá réir. Ar uairibh, is cúis imní é sin do mhuintir na hÍsiltíre. Dá bhrí sin, ba dheas dá mbeadh an tAontas in ann rialacha (príobháideachais) agus caighdeáin Eorpacha a ullmhú. Ba cheart na rialacha agus

na caighdeáin sin a bheith sothuigte agus inoibrithe ag cách. Is fearr le muintir na hÍsiltíre tacaíocht agus faisnéis a fháil óna rialtas féin, ina dteanga féin.

1. Nasc idirlín tapa, slán agus cobhsaí a chinntiú i bhfad agus i gcéin
2. Rialacha agus caighdeáin shoiléire a leagan síos do chuideachtaí idirlín
3. Rialacha príobháideachais a chomhcheangal le cur chun feidhme praiticiúil loighciúil

Oideachas, cultúr, an óige agus spórt

D'fhéadfaidís siúd atá i mbun léinn thar toinn níos mó a fhoghlaim faoina dtír óstach ná mar a fhoghlaimíonn siad faoi láthair. Chun imirce daoine oilte a sheachaint, níor cheart do na tíortha sin le leibhéal níos ísle oideachais ligean do dhaoine oilte dul thar lear. Feictear do mhuintir na hÍsiltíre go mbaineann réimsí ar nós cúrsaí cultúir agus cleachtais mhí-eiticiúla sa spórt leis an mBallstát féin seachas leis an Aontas. Anuas air sin, leagann siad ardluach ar shaoránaigh a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh ina dteanga(cha) náisiúnta féin. Thar aon rud eile, ba cheart gur fút féin é an cineál saoil is ansa leat a roghnú.

1. Mic léinn a spreagadh chun staidéar thar toinn ach a bheith stuama faoi
2. Saincheisteanna amhail cultúr agus spórt a fhágáil faoi na Ballstáit go príomha
3. A chinntiú go mbeidh muintir na hEorpa in ann eolas níos fearr a chur ar a chéile agus meas níos fearr a léiriú dá chéile

Réamhrá

Sa chomhphlé saoránach ‘Físeanna den Eoraip’, bhí an deis ag muintir uile na hÍsiltíre, ón 1 Meán Fómhair go dtí lár mhí na Samhna, a dtuairimí agus a smaointe a nochtadh maidir le toadhcháil na hEorpa. Tá an Ísiltír ag cur na moltaí a tháinig as an gcomhphlé sin, mar aon leis na tuairimí agus na smaointe a bailíodh, faoi bhráid an Aontais Eorpaigh (AE). Díríonn an tuarascáil seo ar na chéad chúig thopaic. Díreofar ar na ceithre thopaic eile i dtuarascáil leantach ag tús 2022.

Maidir le ‘Físeanna den Eoraip’

Is mian leis an Aontas a fháil amach céard a shíleann siad siúd a bhfuil cónaí orthu san Eoraip faoin Eoraip. Is chuige sin an Chomhdháil ar Thodhcháil na hEorpa atá á eagrú ag an Aontas. Ar deireadh, bainfear leas as na tuairimí agus as na smaointe seo sna pleananna a cheapfar amach anseo don Eoraip. Mar chuid den Chomhdháil sin, tá comhphlé saoránach náisiúnta ‘Físeanna den Eoraip’ á eagrú ag an Ísiltír.

Seoladh ‘Físeanna den Eoraip’ an 1 Meán Fómhair; bailíodh tuairimí agus smaointe ar líne trí bhíthin suirbhé a raibh painéal ionadaíoch ina chuid de. Ar mhaithe le tuiscint níos doimhne a fháil ar na léargais tosaigh a fuarthas ó shuirbhé an phainéil agus chun moltaí sonracha a chur le chéile, d’eagraíomar comhphléití topaicbhunaithe ar líne. Bhí cead ag óg agus aosta a bheith páirteach ann. Chuamar fud fad na tíre chun labhairt leis an óige agus le grúpaí eile (ar deacair teacht orthu).

Bhí daltaí scoile, scoláirí sa ghairmoideachas meánscoile sinsearach (MBO), mic agus iníonacha léinn, feirmeoirí, imircigh agus an tAire Oideachais féin páirteach ann.

I mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna, reáchtáladh ocht gcinn de chomhphléití topaicbhunaithe ar líne; bhí suas le 30 rannpháirtí, ar an meán, ag gach cruinniú. Anuas air sin, eagraíodh comhphlé topaicbhunaithe le grúpaí éagsúla de mhuintir na hÍsiltíre; bhí ceann amháin de na comhphléití sin ar líne agus seacht gcinn eile ar an láthair. Mar shampla, chuathas i mbun cainte le pobal na Tuirce in Schiedam agus saoráitithe as Fondúireacht Piëzo in Zoetermeer a d’óstáil an ócáid. Ag an ócáid sin, bhí Ben Knapen, an tAire Gnóthaí Eachtracha. Phléigh an tAire an comhphlé agus na tuairimí faoi thodhcháil na hEorpa leis na rannpháirtithe. Sé cinn de chruinnithe le grúpaí óige éagsúla a eagraíodh sa deireadh thiar thall. Cuirim i gcás, bhí cruinniú againn le scoláirí as Helmond, le scoláirí MBO as Doetinchem agus le mic agus iníonacha léinn as Ollscoil Leiden.

‘Duine mise atá breá sásta mo chuid a rá. Sin é an fáth ar shíl mé féin go gcaithfinn rud a rá.’

A raibh le raibh ag rannpháirtí sa chomhphlé topaicbhunaithe

Céard faoin tuarascáil seo

Bunaithe ar na tuairimí agus ar na smaointe a bailíodh le cúpla mí anuas, cuireadh moltaí mhuintir na hÍsiltíre faoi bhráid an Aontais. D’eascair plé suimiúil agus smaointe nuálacha as na comhráite a rinneadh le muintir na hÍsiltíre. Rinneadh moltaí freisin trí shuirbhé an phainéil agus trí thaighde oscailte. Cuireadh cuid de na smaointe sin san áireamh sa tuarascáil seo. Guth na hÍsiltíre – ár bhfís den Eoraip – atá sa tuarascáil seo.

Ní haon iontas go bhfuil éagsúlachtaí idir tíortha agus saoránaigh na hEorpa; ní bhíonn muintir na hÍsiltíre ar aon fhocal i gcónaí. Ach, tá tairbhe le baint as an éagsúlacht seo; is gné thábhachtach den daonlathas iad. Léiríonn na moltaí a bailíodh na tuairimí agus smaointe is forleithne a bhí ag na rannpháirtithe i leith ‘Físeanna den Eoraip’. Déantar cur síos ann freisin ar na hábhair imní, na smaointe agus na mothúcháin sin nach bhfuil an-choitianta ach a ghoin ár n-aire sa chomhphlé agus sa taighde ar líne.

'Ba iontach an rud é a bheith in ann teacht le chéile i ngrúpaí beaga agus rudaí a phlé le daoine nach bhfuil ar aon bhuille leat. Tá sé seo an-difriúil ón gcaoi a bpléitear cúrsaí ar na meáin shóisialta go minic.'

A raibh le raibh ag rannpháirtí sa chomhphlé topaicbhunaithe

Sainaitníodh naoi dtopaic don Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Bhí na topaicí sin freisin i gcoírlár chomhphlé shaoránaigh na hÍsiltíre 'Fiseanna den Eoraip'. I mí Dheireadh Fómhair, d'fhoilsíomar tuarascáil eatramhach ina raibh léargas thosaigh agus ceisteanna leantacha bunaithe ar shuirbhé an phainéil. Tá cur síos sa dara tuarascáil ar na tuairimí, na smaointe agus na moltaí maidir leis na chéad chúig topaic do chruinnithe iomlánacha na Comhdhála i mí na Nollag. Foilseofar an chéad tuarascáil eile, ina gcumhdófar na ceithre thopaic eile, i lár mhí Eanáir.

Tuarascáil reatha – Nollaig 2021

- Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil
- Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist
- An daonlathas Eorpach
- An tAistriú Digiteach
- Oideachas, cultúr, an óige agus spórt

An chéad tuarascáil eile – mí Eanáir 2022

- An t-athrú aeráide agus an comhshaol
- An imirce
- An tsláinte
- An tAontas sa domhan

Cad é an chéad chéim eile?

Sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, tá smaointe, tuairimí agus moltaí mhuintir uile an Aontais. Ní hamháin go bpléifear torthaí chomhphléití náisiúnta uile na saoránach sna cruinnithe ach déanfar plé iontu freisin ar an toradh a bhí ar thionscnaimh eile de chuid na Comhdhála. Mar shampla, tá Painéil Saoránach Eorpach ann freisin, agus tig le saoránaigh uile an Aontais (lena n-áirítear saoránaigh na hÍsiltíre) rochtain a fháil ar Ardán Digiteach Eorpach.

'Is maith an rud é go bhfuil an tAontas Eorpach á dhéanamh seo. Tá súil agam freisin go mbeidh toradh ar an obair seo.'

A raibh le raibh ag rannpháirtí sa chomhphlé topaicbhunaithe

Tiocfaidh deireadh leis an gComhdháil in earrach na bliana 2022. Ina dhiaidh sin, ullmhóidh an Ísiltír tuarascáil deiridh maidir leis an gcomhphlé leis na saoránaigh: tiomsú den tuarascáil seo agus den chéad tuarascáil eile (ina gcuimsítear na topaicí atá fanta). Beidh moltaí ag an gComhdháil dá hUachtaránacht, d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán Chomhairle na nAirí agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh. Tá gealltanús tugtha acu bealaí a fhiosrú chun obair leantach a dhéanamh ar na moltaí seo. I gcás Rialtas na hÍsiltíre, is rannchuidiú luachmhar iad na torthaí freisin ó thaobh beartas Aontais na tíre a mhúnlú.

Achoimre ar an bpróiseas go dtí earrach 2022:

Amlíne

Fiseanna den Eoraip

An 1 Meán Fómhair	An 12 Deireadh Fómhair	An 22/23 Deireadh Fómhair	An 15 Samhain	An 17/18 Nollaig	An 21/22 Eanáir	An 22/24 Aibreán		
Tuairimí a bhailiú ar líne								
Comhphléití topaicbhunaithe								
		Torthaí eatramhacha (tuarascáil eatramhach)		Tuarascáil eatramhach ar thopaicí an gheilleagair agus an daonlathais	Tuarascáil eatramhach ar thopaicí na haeráide agus an Aontais Eorpaigh sa domhan	'Ár bhFís den Eoraip': an tuarascáil deiridh		
		↓		↓	↓	↓		
		Cruinniú comhdhála		Cruinniú comhdhála	Cruinniú comhdhála	Críoch na Comhdhála	→	Moltaí d'Uachtarán <ul style="list-style-type: none"> • Pharlaimint na hEorpa • an Choimisiún Eorpaigh • Chomhairle na nAirí
				↑	↑	↑		
Breis tuairimí agus smaointe faoi thodhchaí na hEorpa:								
Comhphléití leis na saoránaigh				Painéil Saoránach Eorpach		Ardán Digiteach Eorpach (saoránaigh na hÍsiltíre san áireamh)		

Struchtúr na tuarascála seo

Díríonn an tuarascáil seo ar chúig thopaic. I dtaca le gach topaic, déantar an méid seo a leanas:

- Moltaí bunaithe ar gach gné den chomhphlé leis na saoránaigh
- Tuairimí, smaointe agus plé na dtuairimí, na smaointe agus an plé a ardaíodh sa chomhphlé topaicbhunaithe (ar líne agus sa chomhphlé fisiciúil) agus sna moltaí ón taighde ar líne, i bhfocail agus in íomhánna.

Tá ráiteas cuntasachta ag deireadh na tuarascála.

Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil

Déanann an tAontas faireachán ar an smacht reachta i ngach Ballstát, agus féachann sé le bac a chur ar an neamhionannas san Aontas. Anuas air sin, déanann sé a dhícheall gach Eorpach a chosaint ar an sceimhlitheoireacht agus ar an gcoireacht. Chun an méid sin a bhaint amach, glacann an tAontas bearta agus rialacha, agus oibríonn na Ballstáit go dlúth le chéile.

Cén bharúil atá ag an Ísiltír de sin?

Moltaí – barúil sin againne ar an tslándáil agus ar an smacht reachta

Síleann 68 % de mhuintir na hÍsiltíre go bhfuil an tslándáil agus an smacht reachta tábhachtach agus síleann siad gur cheart don Aontas na saincheisteanna sin a ghleic.

1. A chinntiú go n-airíonn cách saor sábháilte

Síleann 78 % de mhuintir na hÍsiltíre go bhfuil sé tábhachtach don Aontas an smacht reachta, ár gcearta agus ár saoirsí bunúsacha a chosaint. Ní mór freisin cearta tomhaltóirí a chosaint: tá an mórthromlach sásta go gcuireann monaróirí an fhaisnéis chéanna ar phacáistíocht i ngach tír. Mar sin féin, tá cuid mhaith de mhuintir na hÍsiltíre den tuairim gur cheart don Aontas na héagsúlachtaí sna traidisiúin agus cultúir (rialachas) san Eoraip a chur san áireamh. Mura ndéantar é seo, is deacair a bheith ag obair le chéile go héifeachtach. Thar aon ní eile, sílimidne gur den tábhacht go n-airíonn cách san Eoraip saor sábháilte. Áirítear leis seo áit chónaithe agus rochtain ar an oideachas agus ar chúram. Mar aon le fios a bheith agat go mbíonn na táirgí i siopaí Eorpacha sábháilte i gcónaí.

2. Gan an tAontas a mhéadú mura mbeidh breisluach le baint as sin

Síleann 44 % de mhuintir na hÍsiltíre nár cheart don Aontas glacadh le níos mó tíortha. 25 % atá i bhfabhar an mhéadaithe. Mar atá, tá difríochtaí idir na Ballstáit atá ann faoi láthair. Tá cuid mhaith de mhuintir na hÍsiltíre den bharúil go bhfuil againn ár ndeacrachtaí féin a sháru ar dtús. Agus, má thagann tíortha nua isteach san Aontas, ní mór dóibh a bheith in ann ár gcoinníollacha a chomhlíonadh go dáiríre. Ní hamháin inniu ach feasta. Síleann go leor de mhuintir na hÍsiltíre gur cheart go dtabharfadh an méadú sin breisluach freisin do na Ballstáit atá ann cheana féin. Anuas air sin, sílimidne gurb iomaí bealach eile atá ann do na náisiúin oibriú le chéile ar mhaithe leis an tslándáil agus leis an gcobhsaíocht. Mar shampla, bíonn imní orainn anois agus arís faoi thionchar na Rúise ar thíortha atá ar theorainn thoir an Aontais. Tá sé tábhachtach go dtabharfadh an tAontas aghaidh air sin.

‘Ní bhaineann an méadú le costais ná le sochair amháin, baineann sé le fíis na cobhsaíochta freisin.’

3. Oibriú le chéile, go háirithe chun an choireacht idirnáisiúnta agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac

Síleann 68% de mhuintir na hÍsiltíre gur cheart do sheirbhísí slándála thíortha an Aontais a gcuid faisnéise a roinnt lena chéile. Ach sílimidne freisin gur cheart go bhfágfaí faoin tír féin an cinneadh a dhéanamh cén fhaisnéis is mian/nach mian leo a roinnt. Má roinntear gach ní ar gach duine, is gearr go mbeidh an comhar gan éifeacht. Agus anois agus an tAontas chomh mór sin, ní mór dúinn leanúint de bheith cáiréiseach agus cinneadh á dhéanamh cé acu is iomchuí nó nach iomchuí faisnéis íogair a roinnt. Is áil linn a bheith muiníneach i gcónaí go bhfuil ár bpríobháideachas á chosaint. Thar aon ní eile, sílimidne go bhfuil ciall leis an gcomhoibriú chun an choireacht thromchúiseach idirnáisiúnta amhail an chibearchoireacht, gáinneáil ar dhrugaí agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

‘Má sháraítear solas dearg san Ísiltír, níor ghá go mbeadh fios faoi sa Spáinn.’

Plé agus smaointe ar líne agus i bpearsa

‘Nuair a ghearrtar pionós ar thír nach gcloíonn leis na rialacha, is iad an chosmhuintir is túisce atá thíos leis. Sin é an fáth a ndeirim gur fearr an plé ná an pionós.’

‘Bimis cinnte ar dtús go bhfuil gach ball den chlub ina sheasamh ar a dhá chois. Agus ansin, tig linn labhairt ar an méadú.’

‘Is nós linn freisin a bheith cáinteach ar ár smacht reachta féin. Níl sé seo go maith ach an oiread.’

SMAOINEAMH: ‘Rialacha diana a leagan síos maidir le hionracas na bpolaiteoirí san Eoraip ionas nach mbeidh sé ró-éasca tionchar a imirt orthu.’

SMAOINEAMH: ‘An comhar idir na póilíní agus na breithiúna i dtíortha an Aontais a mhéadú.’

Scoláirí MBO as Doetinchem: ‘Más uait a bheith san Aontas, ní mór cloí leis na rialacha’

Ag Coláiste Graafschap in Doetinchem, phléigh isteach agus amach le 20 mac agus iníon léinn altranais, na buntáistí is mó a bhaineann leis an Aontas: an saormhargadh, an t-airgeadra coiteann – an euro – agus, mar Eorpaigh, gur fusa cónaí agus oibriú i dtíortha eile de chuid an Aontais. ‘Tig leis na Ballstáit tacaíocht a thabhairt dá chéile. Ní neart go cur le chéile’, mar a deir mac léinn amháin. Pléadh freisin an tábhacht a bhaineann le rialacha. Mura gcloíonn tíortha leis na rialacha, is minic gur deacair pionós trom a ghearradh orthu. Dar leis na mic agus na hiníonacha léinn seo, d’fhéadfai é seo a dhéanamh beagán níos éasca. Thagair duine acu don éifeacht dhíspreagthach. ‘Má bhíonn pionós trom i gceist, feicfidh tíortha eile a mbeidh i ndán dóibh féin mura gcloíonn siad leis na rialacha.’

An pobal Ind-Suranamach in Utrecht: ‘Bíonn iontaoibh as an smachta reachta in easnamh uaireanta’

Is eagraíocht dheonach Ind-Suranamach in Utrecht *Stichting Asha*. Ina theannta sin, phléigh na rannpháirtithe mar chuid den chomhphlé topaicbhunaithe a thábhachtaí atá cearta na saoránach – go mbeadh áit chónaithe ag duine agus nach ndéanfaí idirdhealú ar dhuine. Dúirt siad siúd a ghlac páirt sa phlé gur cheart go mbeadh rialacha ann chun cearta shaoránaigh uile na hEorpa a chosaint. Ar an gcaoi a bhfuil rudaí faoi láthair, ní bhíonn sé soiléir i gcónaí céard a chinntear san Ísiltír agus céard a chinntear ar an leibhéal Eorpach. Fágann sin gur deacair ag an bpobal iontaoibh a bheith acu as na húdaráis phoiblí in uaireanta. Feictear don phobal go mbíonn dul amú ar na húdaráis phoiblí chéanna sin anois agus arís. ‘D’fhéadfai a rá gur faoin stát atá sé mé a chosaint, ach uaireanta déanann siad brachán as, cuirim i gcas, scannal na sochar linbh’, mar a bhí le rá ag duine de na rannpháirtithe. ‘Ba cheart don Aontas a chinntiú go bhfuil na rialacha á n-urramú,’ a deir duine eile.

Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist

Is cnámh droma gheilleagar na hEorpa iad fiontair bheaga agus mheánmhéide. Dá bhrí sin, is mian leis an Aontas go n-oibreodh tíortha an Aontais le chéile ar phleananna téarnaimh ionas go mbeimid in ann teacht amach as an bpaindéim agus muid níos láidre ó thaobh an gheilleagair de. San fhadtéarma, is é cuspóir an Aontais geilleagar na hEorpa a dhéanamh níos sláintiúla, níos glaise agus níos digití. Cén bharúil atá ag an Ísiltír de sin?

Moltaí – Ár bhfís den gheilleagar agus de phoist

Síleann 61 % de mhuintir na hÍsiltíre go bhfuil tábhacht ag baint leis an ngeilleagar agus le poist agus gur cheart don Aontas na saincheisteanna sin a ghleic.

1. An chosúlacht agus an éagsúlacht a chur san áireamh

Ceapann 71 % de mhuintir na hÍsiltíre gur cheart don Aontas a áirithiú gur minice a oibreoidh gnólachtaí le chéile chun geilleagar na hEorpa a neartú. Ach níl ach roinnt acu den tuairim gur cheart níos mó airgid ón Aontas a thabhairt do ghnólachtaí. Thar aon ní eile, measaimid go bhféadfadh an comhar a bheith níos éifeachtúla. Bíonn cuideachtaí éagsúla ag infheistiú sa teicneolaíocht nua céanna, uaireanta bíonn airgead poiblí á infheistiú acu freisin. Dá mbeadh fíis Eorpach againn den gheilleagar, d'fhéadfaimis an t-airgead sin a chaitheamh ar bhealach níos éifeachtúla. Dar ndóigh, ba cheart na difríochtaí idir tíortha a chur san áireamh fós.

'Tá earnáil na talmhaíochta san Ísiltír thar a bheith nua-aimseartha sin. 'Níl sé inchomparáide i ndáiríre leis an talmhaíocht i dtíortha eile.'

2. Leas a bhaint as láidreachtaí na hEorpa

Creideann muintir na hÍsiltíre go bhfuil go leor deiseanna ann geilleagar na hEorpa a neartú, ach gur gá roghanna a dhéanamh. Is ar an ábhar sin, dar linn, gur cheart don Aontas díriú go príomha ar leas a bhaint as a láidreachtaí. Measaimid, mar shampla, go bhfuil lámh mhaith ag an Eoraip ar an digiteáil, ar an inbhuanaitheacht agus ar an mbonneagar. Níos tábhachtaí arís, b'fhéidir, tá clú uirthi mar áit ina mbíonn ardcháilíocht agus ilghnéitheacht. Is mar gheall gur ilchríoch ilghnéitheach í an Eoraip, ina bhfuil tuairimí agus smaointe éagsúla, gur cheart dúinn leas a bhaint as i bhfad níos mó ná na sochair eacnamaíocha. Sin an chaoi ar féidir leis an Eoraip í féin a dhealú ó gheilleagar na Síne, mar shampla.

3. Córas cánach atá cothrom agus soiléir a fhorbairt

Ceapann 82 % de mhuintir na hÍsiltíre gur cheart do thíortha an Aontais a bheith ag obair le chéile chun a chinntiú go n-íocfaidh gach gnólacht san Aontas a gcion cothrom cánach. Lena n-áirítear na hollchuideachtaí. Bogann cuid acu sin chuig tíortha eile díreach toisc gur féidir leo níos lú cánach a íoc ansin. Ba cheart don Aontas rud éigin a dhéanamh faoi sin, ráta íosta cánach a bheith aige do na tíortha go léir, mar shampla. Ar an taobh eile, measaimid gur ceist é an cánachas do thíortha aonair, a bhfuil a gcuspóirí agus a gcúinsí féin acu. Tríd is tríd, is ceist chasta í ceist an chánachais, dar linn. Sin an fáth ar mhaith linn córas cánach níos fearr a fheiceáil a bheadh cothrom agus soiléir do chách san Eoraip.

'Ba cheart na cúcamair a bheith díreach i ngach áit, ach d'fhéadfadh rialacha cánach a bheith difriúil. Nach bhfuil sin díchéillí?'

4. A chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár

Síleann 71 % de mhuintir na hÍsiltíre gur cheart don Aontas cuidiú chun níos mó poist a chruthú. Measaimid gur cheart aird ar leith a thabhairt ar ghrúpaí áirithe, amhail daoine óga agus daoine nach bhfuil sa mhargadh saothair. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí dheontais a thabhairt do chuideachtaí, ach freisin trí thacaíocht

bhreise a thabhairt d'fhostóirí agus oibríthe. Is é atá i gceist againn, mar shampla, comhairle a chur orthu nó rudaí an-phraiticiúla a dhéanamh dóibh. Uaireanta d'fhéadfadh an tAontas tacaíocht den sórt sin a eagrú ar bhealach níos éifeachtúla, agus uaireanta eile b'fhearr do na Ballstáit féin é a dhéanamh. I ndeireadh na dála, ba cheart do thíortha an Aontais teacht le chéile chun comhdheiseanna a chinntiú i margadh saothair na hEorpa.

Plé agus smaointe ar líne agus i bpearsa

'An t-uathoibriú a luasú anseo ionas go ndéanfar san Eoraip arís na hearraí sin a bhíonn ag teacht isteach as an tSín faoi láthair.'

'Aird dháiríre a thabhairt ar an réabhlóid bitcoin agus ar chriptea-airgeadraí eile. Déantar amach gur seachantóirí cánach iad na daoine a bhíonn á dtrádáil, cé gur ar na teicneolaíochtaí blocshlabhra sin a bheidh gach rud bunaithe amach anseo.'

'Ní hiad na scairsealbhóirí amháin arb iad na geallsealbhóirí iad i ngeilleagar na hEorpa. Ní féidir aon rud a dhéanamh gan oibríthe.'

'Ní mór don Eoraip níos mó a dhéanamh do dhaoine faoi mhíchumas. I láthair na huair, tá sé i bhfad ródheacair dóibh poist oiriúnacha a fháil.'

'Tá roinnt mhaith rialacha Eorpacha casta agus bíonn siad ag athrú de shíor. Is ar an ábhar sin a bhíonn sé deacair do ghnólachtaí a bheith nuálach.'

'Nuair a bhí obair thógála á eagrú agam thar ceann mo ghnólachta, bhí mo chonraitheoir áitiúil faoi réir chun tosú ar an bpost i bhfad níos luaithe. Ach ar dtús bhí orm an conradh a chur amach ar tairiscint Eorpach. Buairiamh mór ar bheagán cúise.'

Rannpháirtithe san idirphlé ar líne: 'Cad é a shílimid de ghnólachtaí móra?'

Pléadh cumhacht mhéadaitheach na ngnólachtaí móra le linn ceann amháin de na hidirphléití topaicbhunaithe. Ba mhaith le rannpháirtithe áirithe an tAontas líne níos déine a ghlacadh ina leith sin – toisc go ndéanann gnólachtaí brabúis ollmhóra uaireanta ach nach n-íocann siad ach beagán cánach, a bhí le comhstruchtúir chánach chliste. Tharraing rannpháirtithe eile aird ar an 'pictiúr mór': cruthaíonn na cuideachtaí sin a lán post agus téann siad chun leasa an gheilleagair náisiúnta. 'Níor chóir an ruaig a chur orthu', a dúirt duine amháin. 'Ba cheart do thíortha an Aontais Eorpaigh a gcomhairlí a chur i gceann a chéile ar an ábhar sin', a dúirt duine eile. 'Is féidir le gnólachtaí móra tíortha a chur in éadan a chéile. Sin é an fáth nach mór dúinne, mar Aontas Eorpach, seasamh go daingean, gualainn ar ghualainn.'

Feirmeoirí dúlrachuimsitheacha: 'Spriocanna a shocrú seachas teorainneacha'

Is comhlachas de chomhchuideachtaí talmhaíochta é *BoerenNatuur*. Rinne grúpa de na baill sa chomhlachas sin plé, as measc nithe eile, ar rialacháin Eorpacha d'fheirmeoirí. Ar thaobh amháin, ceapann siad gur maith an rud é an tAontas Eorpach, ar an ábhar, mar shampla, go n-éascaíonn sé onnmhairiú chuig tíortha eile. Ar an taobh eile, ceapann siad gur minic go bhféadfadh an beartas a bheith níos soiléire. 'Ach táimid ag druidim lena chéile i gcónaí sna cúrsaí sin,' a dúirt duine amháin. Thiofadh linn feabhas a chur ar na nósanna imeachta ach go háirithe: is minic a bhíonn siad an-mhaorlathach agus am-íditheach. Dúirt duine de na rannpháirtithe, thar aon rud eile, nár chóir rialacháin a bheith ró-mhionsonraithe. 'Socraítear spriocanna soiléire ina ionad sin, amhail uisce glan. Ansin is féidir linn féin cinneadh a dhéanamh cé chomh leathan agus ba cheart do na bualchomhláí a bheith.'

An daonlathas Eorpach

Molann an tAontas do mhuintir na hEorpa vóta a chaitheamh agus is mian leis freisin go mbeadh saoránaigh an Aontais rannpháirteach i gcinnteoireacht agus i mbeartas Eorpach lasmuigh den tréimhse toghcháin. Ina theannta sin, tá tionscnaimh ar bun ag an Aontas chun an daonlathas a neartú, amhail plean gníomhaíochta ina ndírítear ar shaorthoghcháin chóra agus ar shaorphreas. Cén bharúil atá ag an Ísiltír de sin?

Moltaí – ár bhfís den daonlathas Eorpach

Síleann 60 % de shaoránaigh na hÍsiltíre gur topaic thábhachtach é an daonlathas Eorpach agus meastar dóibh go bhfuil ag an Aontas a chion féin a dhéanamh.

1 Dearcadh níos leithne ar an Eoraip a thabhairt

Tá sé tugtha faoi deara ag muintir na hÍsiltíre gur tráth géarchéime is minice a phléitear ‘an Eoraip’ sna meáin. Ní minic a chloistear faoi na cinntí laethúla. Mar shaoránaigh, ní chaithfidimid fios gach ní a bheith againn ach chuideodh sé linn tuairimí ciallmhara a bheith againn dá dtabharfaí tuiscint fhoriomlán níos fearr dúinn ar a mbíonn ag titim amach. Níor mhiste, cuirim i gcás, tuairimí na mBallstát eile a fháil faoin Aontas níos minice. Tá ról tábhachtach ag na meáin agus ag an oideachas ina thaobh seo. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh na meáin in ann a gcosán féin a threabhadh óir leagann muintir na hÍsiltíre ardluach ar shaoirse an phreasa sa daonlathas.

‘Is minic gur tráth géarchéime amháin a phléitear an tAontas Eorpach sna meáin. Cuireann sé seo leis an dearcadh diúltach faoin Eoraip.’

2 Teacht ar bhealaí nua leanúnacha chun cluais a thabhairt do shaoránaigh

Síleann 51% de mhuintir na hÍsiltíre nach leor an teagmháil atá ag an Aontas leis na daoine. Chun é sin a chur ina cheart, ba cheart don Aontas dul i mbun comhphlé níos minice leis na saoránaigh, agus go deimhin, más féidir, ar bhonn leanúnach. Sin é an fáth go síleann muintir na hÍsiltíre gur maith ann an Chomhdháil faoi Thodhchaí. Cé gur maith ann na reifrinn, níl muintir na hÍsiltíre ar aon fhocal ina leith. D’fhéadfadh sé go dteastódh saineolas ar thopaicí faoi leith. Labhairt leis na saoránaigh – níor cheart gur cleachtas maorlathais a bheadh ann. Feictear dúinne go bhfuil sé tábhachtach go gcaithfí go cóir linn.

3 Na cinntí a bheith níos soiléire agus níos trédhearcaí

Síleann muintir na hÍsiltíre go mbíonn an maorlathas a bhaineann leis an Eoraip an-chasta in uaireanta. Ní hé an leibhéal céanna eolais chúlra a bhíonn ag daoine. Ba cheart don Aontas an méid sin a chur san áireamh freisin. Is mian linn go mbeadh an tAontas níos trédhearcaí agus go mbeadh sé níos fusa ag daoine coinneáil suas le forbairtí. Tá ról ag rialtas na hÍsiltíre anseo freisin. Cuireann cuid mhaith de mhuintir na hÍsiltíre suim sna cinntí a dhéanann an tAontas ach bíonn sé ródheacair nó róchasta acu teacht ar eolas tríd na bealaí oifigiúla. Anuas air sin, ní mar a chéile leasanna agus riachtanais aon bheirt. Mar sin, ba cheart gur fút féin é na topaicí is ansa leat a roghnú. Cé gur minic spéis ag na daoine óga “san Eoraip”, níl mórán de na scéalta sin ar a gcuntas meán sóisialta, cuirim i gcás.

‘Agus mé ar saoire san Ungáir, chonaic mé fógra mór ina sheasamh le ciumhais coill nuachurtha: ‘An tAontas a chuir’ a bhí scríofa air.’ ‘Cé go bhfuil amhras ormsa faoin Aontas, nuair a chonaic mé an méid sin, chuir sé gliondar ar mo chroí.’

4 Deacrachtaí a shárú níos tapa

Bíonn sé an-deacair ag muintir na hÍsiltíre tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn an daonlathas Eorpach agus is minic, dar leo, go mbíonn cinnteoireacht an Aontais an-fhadálach. Den chuid is mó, is comhghuaillíochtaí idir páirtithe náisiúnta a fheicimid sna toghcháin Eorpacha. Meas tú nach bhfuil bealaí eile ann chun aghaidh a thabhairt ar leasanna na hEorpa? Síleann thart ar aon trian de mhuintir na hÍsiltíre gur cheart go bhféadfaí vótáil d’iarrthóirí eachtracha i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa. Tá thart ar aon trian eile a shíleann nár cheart go bhféadfaí vóta a chaitheamh d’iarrthóirí eachtracha i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa. Ós amhlaidh atá, is é an rud is tábhachtaí aird leordhóthanach a thabhairt ar na leasanna éagsúla. Agus na deacrachtaí a réiteach níos tapa ná mar a dhéantar faoi láthair.

‘Tráth toghcháin, is maith liom mé féin a fheiceáil san iarrthóir agus fios a bheith agam céard dó a seasann sé nó sí. Ní gá gur Ísiltíreach a bheadh san iarrthóir sin.’

Plé agus smaointe ar líne agus i bpearsa

‘Cuir deireadh le cearta crosta na dtíortha. Is faoin tromlach is ceart an cinneadh a fhágáil.’

‘Is ceart fócasghrúpaí leis na saoránaigh a bhunú ar mhaithe le cinntí tábhachtacha a ghlacadh, b’fhéidir fiú ar bhonn éigeantach nó leathéigeantach, amhail giúiréithe sna Stáit Aontaithe.’

‘Cinntigh go mbeidh polaiteoirí agus státseirbhísigh an Aontais i dteagmháil go rialta leis “an pobal” agus nach ndéantar dearmad orainn “thall sa Bhruiséil”.’

SMAOINEAMH: ‘Sílímse gur cheart cúpla nóiméad a chaitheamh ar chúrsaí Eorpacha i ngach mír nuachta. Nó go deimhin, tuige nach gcuirfí tús le clár nuachta laethúil nó seachtainiúil faoin Eoraip?’

SMAOINEAMH: ‘B’fhéidir gur cheart do pholaiteoirí na hEorpa a bheith níos feiceálaí ar chláir teilifíse.’

‘Duine óg mise agus is go rí-annamh a léim aon cheo faoin Eoraip. Cé go bhfuilim fiosrach faoin Eoraip, nílim ag iarraidh an lá a chaitheamh leis.’

Ógánaigh de chuid Coalitie-Y’ in Utrecht: Plé faoi reifrinn a reáchtáil

Bhí plé bríomhar ag comhaltaí de chuid Coalitie-Y – grúpa d’eagraíochtaí óige – maidir le reifrinn a úsáid. Dúirt an dream a bhí ina choinne sin gur bhain contúirt le freagraí nach raibh iontu ach ‘sea’ nó ‘ní hea’ mar gur casta go mór ná sin na saincheisteanna lena mbaineann. Dúirt duine de na rannpháirtithe: ‘Tig linn vótáil ar son an Aontais Eorpaigh agus seasamh mar iarrthóirí. Ach laghdaítear na deiseanna sin nuair nach mbíonn de rogha agat ach reifreann.’ Dúirt siad siúd a bhí i bhfách le reifrinn gur maith an bealach iad le hintinn na saoránach a léamh: is maith an treoir a leithéid. D’fhéadfadh reifrinn cur leis an bhfeasacht ghinearálta atá ann faoin Aontas: cé na tograí atá ar an gclár oibre agus cé na roghanna is ceart a dhéanamh.

Saorálaithe na sochaí sibhialta: ‘Ní mór tuiscint níos fearr a bheith ag tíortha ar a chéile.’

Déanann Fondúireacht Piëzo in Zoetermeer oibríthe deonacha, a chuireann leis an tsochaí ar bhealaí éagsúla, a thabhairt le chéile. Chuir na rannpháirtithe sa chomhphlé topaicbhunaithe in iúl gur chúis inní dóibh an scoilt atá ag méadú san Eoraip. Baineann sé sin le tuairimí na dtíortha maidir leis an bpobal LGBTIQ, mar shampla. Nuair nach dtuigeann tíortha tuairimí a chéile, is deacair comhar a dhéanamh. ‘Nach leor sin de chúis le haithne níos fearr a chur ar a chéile’, arsa rannpháirtí amháin. ‘Sa lá atá inniu ann, ní heol dúinn a gceapann daoine i dtíortha eile. Ní leor ár dtuiscint ar chultúir a chéile, ar chúlraí a chéile. Ní mór an tuiscint sin a bheith ann más uainn cinneadh maith a ghlacadh le chéile.’

An tAistriú Digiteach

Sa domhan ar líne, is í méid atá na héilimh ag imeacht maidir le naisc idirlín, sábháilteacht agus príobháideacht. Tá an tAontas den tuairim go bhfuil freagracht de chineál éigin air sa réimse sin agus tá sé tiomanta a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár sa tsochaí dhigiteach. Ina theannta sin, tá infheistíocht á déanamh ag an Aontas i réitigh dhigiteacha ar shaincheisteanna sóisialta. Cén bharúil atá ag an Ísiltír de sin?

Moltaí – Ár bhfís den saol ar líne

Dar le 45 % de shaoránaigh na hÍsiltíre gur saincheist thábhachtach an domhan ar líne agus ceist ar cheart don Aontas aghaidh a thabhairt air.

1 Nasc idirlín tapa slán cobhsaí a chinntiú i bhfad agus i gcéin

Ceapann 61 % de mhuintir na hÍsiltíre gur cheart don Aontas a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach duine san Eoraip ar nasc idirlín tapa cobhsaí. Tuigimid go léir go bhfuil ról an idirlín inár saol ag dul i méid i gcónaí. Tá ár leanaí ag fás aníos leis an oideachas digiteach. Is minice gur ar líne a dhéantar an chumarsáid náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Is ábhar imní dúinn uaireanta féinrialú fairsing an idirlín. Mar thoradh air sin, ceapann go leor de mhuintir na hÍsiltíre gur cheart don Aontas infheistíocht a dhéanamh sa réimse sin, ar choinníoll gur éifeachtúil an infheistíocht sin. Dar linne, is í an chosaint ar an gcoireacht ar líne an tsaincheist is tábhachtaí atá le gleic ar an leibhéal Eorpach. Is maith an rud é freisin, áfach, díriú ar an gcoireacht idirlín a chomhrac ar an leibhéal náisiúnta.

‘Nuair a shamhlaítear cibear-ionsaí ar ár gcosaintí tuilte dom, motháim an-leochaileach.’

2 Rialacha agus caighdeáin shoiléire a leagan síos do chuideachtaí idirlín

Ceapann 75 % de mhuintir na hÍsiltíre gur cheart don Aontas a chinntiú go mbeidh an ceannach ar líne chomh slán céanna i ngach Ballstát. Bíonn beagnach gach duine againn ag ceannach níos mó rudaí thar lear, rud nach mbraitheann sábháilte uaireanta mar gheall ar chomhroinnt na sonraí íogaire a tharlaíonn sa chás sin. Is deacair a fhios a bheith agat cé na suíomhanna gréasáin is féidir muinín a bheith agat astu. Bheadh sé chun leasa an Aontais rialacha agus caighdeáin Eorpacha príobháideachais a dhréachtú a d’fhéadfadh gach duine a thuiscint. Is minic gur ábhar imní dúinn an chumhacht a bhíonn ag mórchuideachtaí idirlín freisin. Measaimid go bhfuil roinnt freagrachta orainn féin as ár sonraí a láimhseáil go ciallmhar, cé go gceapann muid freisin gur féidir leis an Aontas ról a imirt sa réimse sin. Ní mór do thíortha an Aontais oibriú le chéile chun a chinntiú nach bhfaighidh cuideachtaí ar nós Google agus Facebook an iomarca cumhachta.

‘Níl mórán is féidir linn a dhéanamh mar thír bheag i gcoinne “imreoir dhomhanda” cosúil le Facebook.’

3 Rialacha príobháideachais a chomhcheangal le cur chun feidhme praiticiúil loighciúil

Tar éis ghlacadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), tá a fhios ag saoránaigh na hÍsiltíre nach mór do gach tír na dlíthe agus na rialacháin chéanna maidir le príobháideacht a chomhlíonadh. Is díol sásaimh dúinn gur féidir linn brath ar an reachtaíocht sin, ós rud é go bhfuil ár bpríobháideachtas tábhachtach dúinn. Uaireanta, téann na rialacha thar acmhainn, dar le roinnt daoine Ísiltíreacha, nó bíonn siad neamhloighciúil. Thairis sin, is féidir leis an reachtaíocht a lán oibre a chruthú d’fhostóirí. Measaimid freisin gur gá aird níos mó a thabhairt ar chur chun feidhme praiticiúil na reachtaíochta príobháideachais, agus tuilleadh tacaíochta agus treorach a thabhairt do shaoránaigh agus do ghnólachtaí araon. Ceapaimid gur ag na Ballstáit a bheidh an príomhról sa chás sin. Is fearr aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna nó ceisteanna a bhaineann le príobháideachtas trínár n-údaráis náisiúnta féin agus inár dteanga féin.

Plé agus smaointe ar líne agus i bpearsa

SMAOINEAMH: ‘Ceanglais níos déine a leagan síos do ríomhchlárúitheoirí agus do ghnólachtaí agus cosc a chur ar ríomhtheangacha neamhdhaingean.’

'Bogearraí frithvireas Eorpach a sholáthar saor in aisce chun balla dóiteáin Eorpach a chruthú.'

'Cailleann m'fhón póca comhartha go tobann nuair a thrasnaím an teorainn isteach sa Ghearmáin. Nach é nár chóir go dtarlódh sin níos mó? '

'Is féidir muid a rianú áit ar bith nuair a bhíonn ár ngutháin iPhone linn. Is orainne féin atá an locht mar sin, freisin.'

'Níl sé áisiúil foirm phríobháideachais de chineál eile a líonadh isteach i ngach tír.'

SMAOINEAMH: 'Póilíneacht idirlín Eorpach a bhunú. Is rogha shoiléir an réimse sin le haghaidh gníomhaíocht de chuid an Aontais.'

Rannpháirtithe san idirphlé ar líne: 'Is chun ár leasa féin rochtain mhaith idirlín a bheith ar fáil i ngach áit'

Bhí plé suimiúil i gceann de na comhphléití topaicbhunaithe ar ról an Aontais sa saol ar líne. D'aontaigh na rannpháirtithe go léir go raibh sé tábhachtach naisc mhaithe idirlín a bheith ann ar fud na hEorpa. Ach ar cheart gur ar an Aontas Eorpach a thitfeadh sin? Mheas roinnt rannpháirtithe gur cúram do na Ballstáit aonair é sin den chuid is mó. Léirigh rannpháirtí eile go rachadh sé chun tairbhe don Ísiltír freisin naisc idirlín thar lear a bheith maith cobhsaí: 'Tuillimid na billiúin euro tríd an trádáil le Ballstáit eile de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, is chun ár leasa féin é go n-oibreodh na tíortha sin go maith.'

Daltaí scoile in Helmond: 'Na rialacha céanna agus na pionóis céanna a ghearradh ar choirpigh idirlín'

In Knippenbergcollege in Helmond, phléigh daltaí 15 bliana agus 16 bliana d'aois fadhb na coireachta ar líne. Cluineann siad faoi sin sa nuacht go rialta: cuirim i gcás, gur tharla sárú sonraí pearsanta i ngnólacht, nó go bhfuil tír amhail an Rúis nó an tSín ag iarraidh sonraí a ghoid. Ós rud é gur minic coirpigh idirlín ag obair thar theorainneacha, tá sé loighciúil go gcomhoibreodh tíortha na hEorpa ar an ábhar sin. Ciallaíonn sé sin rialacha a leagan síos, ach freisin pionóis, dar leo. 'Má tá haiceálaithe ón Rúis ag iarraidh ár spás a ionradh, ní mór don Aontas frithbheart a dhéanamh.'

Oideachas, cultúr, an óige agus spórt

Is iad na Ballstáit iad féin atá freagrach as réimsí an oideachais, an chultúir, na hóige agus an spóirt. Is féidir leis an Aontas tacaíocht a chur ar fáil agus is é sin a dhéanann sé, mar shampla, trí oideachas agus ilteangachas ar ardchaighdeán a chur chun cinn, tríd an oidhreacht chultúrtha a chosaint agus trí thacú le hearnálacha an chultúir agus an spóirt. Cén bharúil atá ag an Ísiltír de sin?

Moltaí – Ár bhfís den oideachas, den chultúr, den óige agus den spórt

Síleann 45 % de mhuintir na hÍsiltíre go bhfuil tábhacht ag baint le saincheist an oideachais agus gur cheart don Aontas dul i ngleic leis. Maidir le hóige, cultúr agus spórt, is iad 39 %, 23 % agus 19 % na figiúirí faoi seach.

1 Mic léinn a spreagadh chun staidéar thar toinn ach sin a dhéanamh go ciallmhar

Measann go leor daoine Ísiltíreacha go mbíonn tionchar dearfach ag staidéar thar lear ar dhaoine óga. Cuireann sé le forbairt phearsanta. Sa bhreis air sin, is féidir le staidéar thar lear cabhrú le muintir na hEorpa tuiscint níos fearr a bheith acu ar a chéile. Ina theannta sin, féadann sé cur leis an lánpháirtiú. Measann go leor Ísiltírigh, dá bhrí sin, gur maith an rud é gur ann don chlár Erasmus, clár a spreagann staidéar thar lear. Ach is cúis áthais dúinn freisin go bhfuil an tAontas ag coinneáil súil chriticiúil air sin. Sa chleachtas, mar shampla, bíonn claonadh ag mic léinn idirnáisiúnta cloí le chéile agus ní i gcónaí a fhoghlaimíonn siad mórán faoin tír ina bhfuil siad ag staidéar. Ina theannta sin, ní mór don Aontas Eorpach an cás a sheachaint ina dtarlódh sé go n-imeoidís siúd is mó ábaltacht as na tíortha a bhfuil leibhéal níos ísle eolais acu (imirce daoine oilte) chun bheith ag staidéar thar lear.

'Ba cheart cláir malartuithe ghairmleibhéil a fhorbairt freisin.'

2 Saincheisteanna amhail cultúr agus spórt a fhágáil faoi na Ballstáit

Ceapann 58 % de mhuintir na hÍsiltíre gur cheart don Aontas níos mó a dhéanamh chun oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chosaint. Na teampaill sa Ghréig, mar shampla. Ar an lámh eile, measaimid gurb iad na tíortha féin is mó atá freagrach as an gcultúr áitiúil. An scéal céanna le fadhbanna sa spórt, mar shampla. Is saincheist thábhachtach é sin, ach ní féidir é a bheith ar cheann de phríomhchúraimí an Aontais. Go bunúsach, ní mór don Eoraip socrú ar ord tosaíochta agus tá go leor airgid ag teastáil le haghaidh rudaí eile. Uaireanta, bíonn ranníocaíochtaí airgeadais ag teastáil, ach tá bealaí eile ann le bheith ag obair le chéile freisin, mar shampla trí eolas agus smaointe a roinnt.

'Is faoi na tíortha féin atá sé an cultúr a chosaint. Ach má dhéantar faillí san oidhreacht dhomhanda, is é mo bharúil láidir gur cheart don Aontas Eorpach idirghabháil a dhéanamh.'

3 A chinntiú go gcuirfidh muintir na hEorpa aithne níos fearr ar a chéile agus gur mó an meas a bheith acu ar a chéile

Is maith le muintir na hÍsiltíre Béarla maith a bheith ag Eorpaigh eile. Déanann sé an saol níos éasca nuair a bhímid thar lear. Agus, mar shampla, nuair is mian linn cumarsáid a dhéanamh le hoibrithe imirceacha san Ísiltír. Ag an am céanna, measann go leor Ísiltírigh go bhfuil sé an-tábhachtach go leanfaimis orainn de bheith ag labhairt agus ag urramú ár dteanga féin. Is mian linn meas a bheith againn ar dhifríochtaí eile laistigh den Eoraip freisin. Is cuma cé acu réimse atá i gceist - an cultúr, an t-oideachas nó an spórt - ba chóir go mbraitheadh gach duine saor iad féin a chur in iúl sa réimse sin. Uaireanta is foinse coinbhleachta iad na difríochtaí eadrainn, ach is é sin go díreach an rud a chuireann le saibhreas mór ilchríoch na hEorpa. Dá bhrí sin, ceapann go leor daoine Ísiltíreacha gur cheart an t-am a bheith ag tíortha aithne a chur ar nósanna agus ar smaointe a chéile.

'Féachaim ar an Aontas Eorpach mar ghrúpa cairde. Tá meas againn ar na difríochtaí atá eadrainn agus is féidir liom cabhair a iarraidh orthu más gá.'

Plé agus smaointe ar líne agus i bpearsa

SMAOINEAMH: 'Chomh maith leis an gcuraclam áitiúil, curaclam Eorpach comhroinnte a thabhairt isteach ag gach leibhéal oideachais.'

SMAOINEAMH: 'Chomh maith le Príomhchathair Chultúir na hEorpa, ba cheart príomhchathair (nó tír) a roghnú le haghaidh an oideachais, na hóige agus an spóirt (nó tír) gach bliain.'

'Is é an rud a cheanglaíonn le chéile muid san Aontas Eorpach go bhfuil cultúr dá gcuid féin ag gach tír. Agus dá bharr sin nílimid teoranta do chultúr amháin.'

'In ionad béim a leagan ar na rudaí diúltacha, ba cheart dúinn iarracht a dhéanamh spóirt a chur chun cinn níos mó.'

'Is lánpháirt den áit seo anois mé, íocaím cánacha, ach is Meiriceánach Laidineach mé agus sin a bheidh ionam go deo. Is mór agam mo dhúchas - an teanga, an ceol agus an bia. Ní bhaineann na nithe sin leis an Eoraip.'

'Déantar an iomarca cainte ann faoi gheilleagar na hEorpa. Agus is tearc an chaint a dhéantar ar an dea-bhail.'

Mic léinn in Ollscoil Leiden: 'Tá tábhacht ag baint le teangacha, ach ní mór rogha a bheith ag daoine'

Ag Ollscoil Leiden, phléigh mic léinn staire an topaic sin. Measann siad go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh níos mó ná teanga amháin ag daoine. Is iontach, dar leo, tuilleadh teangacha a bheith ar a dtoil ag daoine ar mhaithe le forbairt phearsanta, trádáil agus caidreamh polaitiúil san Aontas Eorpach. Ceapann siad gur cheart teangacha a thairiscint ar scoil ach nár cheart iad a dhéanamh éigeantach. Ar an gcaoi chéanna, measann na daltaí nach gá gur teanga Eorpach í an dara teanga. 'Má tá cónaí ort in Oirthear na hEorpa agus má roghnaíonn tú Rúisis a fhoghlaim, tá tú i dteideal a dhéanamh amhlaidh', a dúirt duine de na rannpháirtithe.

An pobal Turcach in Schiedam: 'Deiseanna cothroma fostaíochta a chinntiú do na daoine óga go léir'

Ag Stichting Hakder in Schiedam, labhair pobal áitiúil na Tuirce, as measc nithe eile, faoin tábhacht a bhaineann le deiseanna fostaíochta cothroma do chách. Chomhaontaigh siad siúd go léir a bhí i láthair gur cheart don Aontas Eorpach ceangal a chur ar chuideachtaí tréimhsí oiliúna nó poist a thairiscint do dhaoine óga nach bhfuil mórán deiseanna acu. Thuairiscigh siad go mbíonn deacrachtaí ag imircigh óga go háirithe cúrsaí oiliúna agus poist a aimsiú. 'Ní théann cuid acu go dtí an dochtúir fiú toisc go bhfuil eagla orthu go mbeidh orthu íoc as iad féin. Mar sin, is beag seans go ndéanfaidh siad iarratas ar sheal oiliúna ná ar phost', a dúirt duine de na rannpháirtithe. 'Ní mór do ghnólachtaí níos mó a dhéanamh faoin méid sin agus ba cheart don Aontas é sin a spreagadh.'

Ráiteas cuntasachta

Is éard atá in Físeanna den Eoraip formáidí idirphlé idirnasctha éagsúla a thugann le chéile tuairimí agus smaointe shaoránaigh na hÍsiltíre maidir le todhchaí na hEorpa agus an Aontais. Sa chuid seo, tugtar fianaise ar an mbealach a gcomhlíonann na formáidí idirphlé idirnasctha na treoirlínte is infheidhme maidir le Painéil Náisiúnta Saoránach i gcomhthéacs na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa.

Dearadh na bhformáidí idirphlé idirnasctha

Úsáideadh na cineálacha idirphlé seo a leanas:

4. Suirbhé painéil

Suirbhé ar thrasghearradh ionadaíoch de dhaonra na hÍsiltíre.

5. Comhphléití doimhne topaicbhunaithe ar líne

Comhphléití ina ndéantar torthaí na chéad tuarascála eatramhaí *Our vision of Europe: initial insights and follow-up questions* [Ár bhfís den Eoraip: léargais tosaigh agus ceisteanna leantacha] (an 8 Deireadh Fómhair 2021) a iniúchadh a thuilleadh le grúpa daoine ó Ísiltír.

6. Comhphléití le grúpaí sonracha

Cruinnithe le daoine ón Ísiltír nach gnách leo páirt a ghlacadh i suirbhéanna agus painéil (ar líne).

7. Comhphléití le daoine óga

Cruinnithe ina ndírítear ar na topaicí Eorpacha is ábhartha do dhaoine óga.

8. Taighde oscailte ar líne: Ceistneoir agus ‘Svaidhpeáil go dtí an todhchaí’

Bhí saoránaigh uile na hÍsiltíre ina ann ceistneoir an tsuirbhé painéil a chomhlánú, lena n-áirítear iadsan a bhfuil cónaí orthu thar lear. Bhí an ceistneoir oscailte ón 1 Meán Fómhair 2021 go dtí an 14 Samhain 2021. Ina theannta sin, le linn na tréimhse céanna, bhí gach Ísiltíreach in ann páirt a ghlacadh leis an uirlis ‘Svaidhpeáil go dtí an todhchaí’, uirlis ar líne ar a raibh 20 ráiteas.

1 Suirbhé painéil

Rinneadh an comhphlé i imeasc shaoránaigh na hÍsiltíre, dar teideal Físeanna den Eoraip (Kijk op Europa), a sheoladh an 1 Meán Fómhair 2021 le suirbhé painéil. Sa ráiteas cuntasachta seo déanaimid cur síos gairid ar dhearadh agus ar chur chun feidhme an staidéir painéil.

Aidhm agus spriocdhaonra

Seoladh Físeanna den Eoraip le ceistneoir ar líne ina bhféachtar ar conas a bhraitheann muintir na hÍsiltíre faoi thodhchaí na hEorpa. Cuireadh an ceistneoir faoi bhráid painéal ionadaíoch agus cuireadh ar fáil do mhuintir uile na hÍsiltíre é (lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí thar lear). Ina theannta sin, bhí an uirlis ar líne ‘Svaidhpeáil go dtí an todhchaí’, ar a raibh 20 ráiteas a bhféadfadh daoine a dtuairimí a thabhairt ina leith, ar fáil do chách freisin. Chuir torthaí an tsuirbhé painéil ionchur ar fáil do na comhphléití topaicbhunaithe éagsúla san obair leantach ar idirphlé na saoránach: Físeanna den Eoraip.

Ba é an spriocdhaonra saoránaigh uile na hÍsiltíre 18 mbliana d'aois nó os a chionn a bhí cláraithe (ón uair a thosaigh an obair allamuigh) mar chónaitheoirí san Ísiltír ar bhunachar sonraí bardasach na dtaifead pearsanta. De réir Staitisticí na hÍsiltíre (CBS), an 1 Eanáir 2021 bhí 14 mhilliún 190 874 dhuine sa spriocghrúpa sin. Tá an íosteorainn 18 bliana d'aois i gcomhréir leis an aois vótála. Is é sin an daonra a sainaitníodh don suirbhé painéil.

Obair allamuigh

Chun pictiúr staidrimh a fháil ar 'na hÍsiltírigh', rinneadh suirbhé ar phainéal náisiúnta ar a raibh breis is 100 000 comhalta (deimhnithe ag an ISO, an grúpa Research Keurmerk, Comhlachas Taighde Margaidh na hÍsiltíre). Tá na comhaltaí go léir cláraithe don phainéal suirbhé agus tugann siad a dtuairimí go rialta ar réimse ábhar. Anuas ar a mian phearsanta a n-ionchur a chur ar fáil, faigheann siad íocaíocht freisin as na suirbhéanna a líonadh. Léiríonn staidéir eolaíochá éagsúla gur beag an difear idir na freagraí a thugann freagróirí a fhaigheann cúiteamh airgeadais as suirbhéanna a líonadh agus na freagraí a thugann freagróirí nach n-íoctar astu (foinse: *Does use of survey incentives degrade data quality?* [An ndéantar cáilíocht na sonraí a dhíghrádú trí úsáid a bhaint as dreasaí suirbhé?]) Cole, J. S., Sarraf, S. A., Wang, X., 2015).

Cuireadh tús leis an obair allamuigh an 11 Lúnasa 2021 agus tháinig deireadh léi an 19 Meán Fómhair 2021. Úsáideadh modh bailithe sonraí amháin: taighde ar an idirlíon. Fuair gach comhalta de phainéal an tsuirbhé ríomhphost ina raibh nasc pearsantaithe chuig an gceistneoir ar líne. Tar éis 2 sheachtain fuair rannpháirtithe an phainéil ríomhphost meabhrúcháin. Seoladh cuirí chun páirt a ghlacadh i mbaisceanna agus i bhfoirm shrathaithe (ag féachaint go cuí do dháileadh comhionann i measc fodhaonraí) go dtí go raibh an líon riachtanach freagróirí bainte amach.

Sampláil agus dáileadh

Ba é an treoirphrionsabal do dheardh an staidéir go mbeadh ar 3 600 freagróir ar a laghad a bheith rannpháirteach chun dea-iontaofacht staidrimh a bhaint amach. Leis an líon daoine sin bhí dáileadh maith de shaintréithe cúlra éagsúla i measc an daonra. Ní dream aonchineálach iad muintir na hÍsiltíre. Ar an gcúis sin, áirithíodh roimh ré sa staidéar go ndéanfaí an sampla a dháileadh i gceart ionas go gcuirfí san áireamh roinnt saintréithe ar leith. Is tír cuibheasach beag í an Ísiltír ach bíonn tuairimí difriúla ann ó réigiún go réigiún. D'fhéadfadh dearcadh duine maidir lena thábhachtaí atá ábhar áirithe a bheith difriúil ag brath (freisin) ar an gceantar ina bhfuil cónaí orthu. Mar shampla, ráineodh go mbeadh difríochtaí idir daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe agus cónaitheoirí uirbeacha maidir le cúrsaí slándála. Ina theannta sin, léirigh staidéir a rinne Institiúid Taighde Shóisialta na hÍsiltíre (SCP) go ginearálta go dtacaíonn daoine ar mó an t-oideachas atá orthu níos mó leis an Aontas Eorpach ná mar a thacaíonn daoine ar lú an t-oideachais atá orthu, agus go mbíonn daoine óga ar son an Aontais Eorpaigh níos minice ná daoine scothaosta (foinse: *Wat willen Nederlanders van de Europese Unie?* [Cad a theastaíonn ó mhuintir na hÍsiltíre ón Aontas Eorpach?]) (Institiúid Taighde Shóisialta na hÍsiltíre, an Háig, 2019).

Chun aghaidh a thabhairt air sin, shannamar cuótaí roimh ré ar na saintréithe seo a leanas, chun dáileadh samplach ionadaíoch a áirithiú: (1) réigiún (ag baint úsáid as réigiúin COROP), (2) aois agus (3) leibhéal oideachais. [nóta: is rannán den Ísiltír é réigiún COROP a úsáidtear chun críoch staidrimh.] Anuas air sin, is léiriú é an sampla ar na saintréithe cúlra seo a leanas: gnéas, bunadh, gníomhaíocht laethúil phríomhúil agus clantaí polaitiúla.

Rinneadh na réigiúin COROP a fhorbairt trí úsáid a bhaint as an bprionsabal nódach (ionaid daonra ina gcuirtear seirbhísí ar fáil nó a chomhlíonann feidhm réigiúnach) ar bhonn sreafaí comaitéirí. Anseo is ansiúd, éiríodh as an bprionsabal nódach a úsáid agus úsáideadh teorainneacha cúige ina áit. Nuair a rinneadh atarraingt ar na teorainneacha bardasacha agus gur thrasnaigh siad na teorainneacha COROP, coigeartaíodh na réigiún sin (foinse: CBS). Laistigh de réigiúin COROP, cinntimid go ndéanfar dáileadh maith i measc na n-aoisghrúpaí seo a leanas: 18-34; 35-54; 55-75 agus os cionn 75.

Ar deireadh, chinntíomar go mbeadh dáileadh ionadaíoch ann ar leibhéal éagsúla oideachais. Tá dáileadh samplach na bhfreagróirí i gcomhréir le dáileadh náisiúnta an leibhéil is airde oideachais a baineadh amach, mar a leanas:

An leibhéal oideachais is airde a baineadh amach

Íseal: bunoidreachas, meánoideachas réamhghairme (VMBO), meánoideachas ginearálta sinsearach (HAVO) nó oideachas réamh-ollscoile (VWO) (na blianta 1-3), gairmoideachas meánscoile sinsearach (MBO) (bliain 1)	32.1 %
Meánach: meánoideachas ginearálta sinsearach (HAVO) nó oideachas réamhollscoile (VWO) (na blianta 4-6), gairmoideachas meánscoile sinsearach (MBO) (blianta 2-4)	44.6 %
Ard: ard-ghairmoideachas nó oideachas ollscoile	22.9 %
Ní fios	0.4 %

Freagairt

San iomlán, ghlac 4 086 fhreagróir páirt sa suirbhé painéil. Baineadh amach an sprioc de 3 600 ceistneoir a bheith líonta go hiomlán.

Freagairt de réir réigiún COROP agus aoisghrúpa 18-34 bliana 35-54 bliana 55-75 bliana 75+ bliana

	18-34 bliana	35-54 bliana	55-75 bliana	75+ bliana
Tuaisceart Drenthe	11	14	17	5
Oirdheisceart Drenthe	10	12	14	4
Iardheisceart Drenthe	7	10	11	3
Flevoland	29	33	28	6
Tuaisceart na Freaslainne	20	22	25	8
Oirdheisceart na Freaslainne	12	13	14	3
Iardheisceart na Freaslainne	8	11	11	4
Achterhoek	22	27	34	11
Arnhem/Nijmegen	52	53	55	15
Veluwe	44	48	51	17
Iardheisceart Gelderland	16	18	20	5
Mórcheantar Delfzijl	2	4	5	1
Oirthear Groningen	7	10	12	3
An chuid eile de Groningen	36	26	28	8
Limburg Láir	13	17	21	7
Tuaisceart Limburg	17	20	23	7
Deisceart Limburg	38	40	52	17
Lárthuaisceart Brabant	34	35	35	11
Oirthuaisceart Brabant Thuaidh	41	43	51	14

Freagairt de réir réigiún COROP agus aoisghrúpa 18-34 bliana 35-54 bliana 55-75 bliana 75+ bliana

Iarthar Brabant Thuaidh	40	47	49	15
Oirdheisceart Brabant Thuaidh	55	56	58	18
Mórcheantar Haarlem	13	18	18	7
Mórcheantar Alkmaar	14	19	19	6
Mórcheantar Amstardam	116	104	88	23
Het Gooi & Vechtstreek	13	21	19	7
IJmond	12	14	15	4
Barr na hOllainne Thuaidh	22	27	30	9
Zaanstreek	11	13	12	3
Tuaisceart Overijssel	25	28	25	8
Twente	41	44	46	14
Iardheisceart Overijssel	10	11	12	3
Utrecht	96	100	89	27
An chuid eile de Zeeland	16	21	23	8
Flóndras Zeeland	6	8	9	3
Mórcheantar Leiden & Bollenstreek	30	31	31	10
Mórcheantar na Háige	63	70	57	18
Delft & Westland	19	15	15	4
Mórcheantar Rijnmond	103	107	99	31
Oirthear na hOllainne Theas	22	24	25	8
Oirdheisceart na hOllainne Theas	24	26	26	9

Freagairt de réir leibhéal oideachais

Íseal	1 382	34 %
Meánach	1 747	43 %
Ard	915	22 %
Ní fios	42	1 %

Liontaofacht agus ionadaíochas

Le 4 086 fhreagróir, is féidir tuairimí a thabhairt faoin daonra le hiontaofacht 95 % agus lamháil earráide 1.53 %. Braitheann iontaofacht agus lamháil earráide na dtorthaí ar mhéid an tsampla. Dá mhéid an sampla is ea is iontaofa agus/nó is cruinne is féidir na torthaí a eachtarshuí don daonra ina iomláine.

Sainítear an leibhéal iontaofachta mar 1 (100 %) lúide an leibhéal suntasachta. Is gnách glacadh leis go bhfuil leibhéal suntasachta 5 % ann, rud a chiallaíonn leibhéal iontaofachta de 95 %. Ciallaíonn sé sin, dá ndéanfaí an staidéar a athdhéanamh ar an mbealach céanna agus faoi na coinníollacha céanna, go dtabharfadh na torthaí an pictiúr céanna i 95 % de na cásanna.

Léiríonn an leibhéal cruinnis (arna chur in iúl mar lamháil earráide) raon na luachanna ar laistigh de a luíonn an luach iarbhir sa daonra nó, i bhfocail eile, cé chomh fada is a d'fhéadfadh na torthaí ón sampla imeacht ó na torthaí a gheofaí dá ndéanfadh an daonra ar fad an suirbhé a líonadh. Ciallaíonn lamháil earráide 1.53 % go bhféadfadh an luach iarbhir sa daonra iomlán a bheith suas le 1.53 % níos airde nó níos ísle ná an luach sa sampla. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin, má léiríonn toradh suirbhé ón sampla go measann 50 % de na freagróirí go bhfuil tábhacht ar leith le topaic ar leith, d'fhéadfadh sé go mbeadh an céatadán iarbhir suas le 1.53 % níos ísle nó níos airde ná 50 % (i.e. idir 48.47 % agus 51.53 %). Tá lamháil earráide suas le 5 % coitianta agus glactar leis sin go ginearálta i dtaighde cainníochtúil (staidrimh).

Chomh maith le hiontaofacht, gabhann tábhacht le hionadaíochas an tsampla freisin. Ós rud é gur seoladh na cuirí chun páirt a ghlacadh sa suirbhé i mbaisceanna agus go ndearnadh iad a shrathú, tá na torthaí ionadaíoch i dtéarmaí réigiún COROP agus aoisghrúpaí laistigh de gach réigiún COROP. Tá an fhreagairt i gcomhréir freisin le dáileadh náisiúnta an leibhéil is airde oideachais a baineadh amach.

Saintréithe cúlra eile

Cuireadh roinnt ceisteanna cúlra breise ar fhreagróirí an tsuirbhé painéil. Leis na ceisteanna sin cumhdaíodh inscne, tuairimí faoin Aontas Eorpach, bunadh, príomhghníomhaíocht laethúil agus cén páirtí polaitiúil dá vótálfadís dá dtionólfaí toghchán anois.

Ba fhir iad 49 % de na freagróirí, ba mhná iad 50 % agus b'fhéarr le 1 % díobh gan an cheist sin a fhreagairt.

Mheas 51 % de na freagróirí gur maith an rud é gur ball den Aontas Eorpach í an Ísiltír, mheas 13 % gur drochrud é, agus bhí 36 % neodrach ina thaobh nó ní raibh tuairim acu.

Rugadh 95 % de na freagróirí san Ísiltír. I gcás 89 % de na freagróirí, rugadh an bheirt tuismitheoirí san Ísiltír. I gcás 5 % de na freagróirí, rugadh an bheirt tuismitheoirí thar lear.

Claontaí polaitiúla reatha na bhfreagróirí

Páirtí	%
VVD (Páirtí an Phobail um Shaoirse agus Daonlathas)	14 %
PVV (Páirtí um an tSaoirse)	13 %
SP (An Páirtí Sóisialach)	8 %
D66 (Daonlathaigh 66)	6 %

Páirtí **%**

CDA (Achainí Dhaonlathach Chríostaí)	6 %
PvdA (Páirtí an Lucht Oibre)	6 %
Partij voor de Dieren (Páirtí ar son na nAinmhithe)	4 %
GroenLinks (Glasaigh ar clé)	4 %
ChristenUnie (An tAontas Críostaí)	3 %
JA21	3 %
BoerBurgerBeweging (Gluaiseacht Feirmeoirí-Saoránach)	2 %
Forum voor Democratie (An Fóram um Dhaonlathas)	2 %
SGP (An Páirtí Polaitiúil Leasaithe)	2 %
Volt	2 %
DENK (SMAOINIGH)	1 %
Groep Van Haga (Grúpa Van Haga)	1 %
BIJ1	1 %
Fractie Den Haan (Páirtí Den Haan)	0 %
Eile	2 %
Ballóid bhán	3 %
B'fhearr gan a lua	13 %
Ní vótálfadh	5 %

Cad é do phríomhghníomhaíocht laethúil faoi láthair?

Gairm bheatha **%**

Dalta/mac nó iníon léinn	6 %
Fostaí páirtaimseartha	16 %
Fostaí lánaimseartha	31 %
Féinfhostaithe	3 %
Cúramaí baile	5 %
Cuardaitheoir poist	2 %

Gairm bheatha**%**

Oibrí deonach	2 %
Neamhábalta chun oibre	6 %
Ar scor	27 %
Eile	1 %
B'fhearr gan a lua	1 %

Ceistneoir

Rinne an Aireacht Gnóthaí Eachtracha an ceistneoir agus an tuarascáil seo a choimisiúnú agus tharraing eagraíocht sheachtrach neamhspleách suas iad. Tá struchtúr modúlach ar an gceistneoir agus tá sé déanta suas de na rannóga seo a leanas a fhreagraíonn do na topaicí a sainithníodh don Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa:

- Príomhthopaicí agus ról na hEorpa
- an t-athrú aeráide agus an comhshaol
- sláinte
- an geilleagar agus poist
- ról an Aontais Eorpaigh sa domhan
- slándáil agus an smacht reachta
- an saol ar líne
- an daonlathas Eorpach
- imirce agus dídeanaithe
- oideachas, cultúr, an óige agus spórt

Nuair a bhí an ceistneoir á fhorbairt, tugadh aird ar leith ar cháilíocht, iontaofacht agus bailíocht fhriotal na gceisteanna. Ba é ab aidhm dó sin a chinntiú go mbeadh foclaíocht na gceisteanna, na ráiteas agus na roghanna neodrach agus neamhthreorach. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú ar na ceisteanna lena chinntiú gur scríobhadh i dteanga shimplí (leibhéal B1) iad.

Rinneadh tástáil cháilíochtúil ar an gceistneoir i suíomh duine le duine le freagróirí na dtástálacha mar spriocghrúpa chun a fháil amach cad a rith leis na cineálacha éagsúla freagróirí nuair a cuireadh na ceisteanna orthu. Rinneadh an fhoclaíocht a choigeartú nuair a ceapadh í a bheith róchasta.

Modhanna anailíse

Úsáideadh dhá mhodh anailíse sa staidéar seo:

Anailís aonathráideach

Le hanailís aonathráideach, úsáidtear staitisticí tuairisciúla chun cur síos a dhéanamh ar athróg i staidéar. Sa staidéar seo, úsáideadh minicíochtaí agus meáin.

Anailís dhé-athráideach

Le hanailís dhé-athráideach scrúdaítear an gaol idir dhá athróg, sa chás seo an gaol idir tábhacht na dtopaicí éagsúla agus cé acu ba cheart nó nár cheart don Aontas Eorpach déileáil leo ar thaobh amháin, agus saintréith

chúlra na haoise ar an taobh eile. Úsáideadh tástáil suntasachta chun a chinneadh an ngabhann céimeanna difriúla tábhachta le topaicí áirithe i gcás aoisghrúpaí éagsúla, agus an mbíonn tuairimí difriúla acu maidir le cé acu is topaicí iad sin ar cheart don Aontas déileáil leo nó nach ea.

Tuairisciú agus iomláine

Áirítear sa tuarascáil seo léiriúcháin (físeach) de thorthaí na gceisteanna uile a cuireadh ar fhreagróirí phainéal an tsuirbhé. I gcás roinnt ceisteanna, bhí freagróirí in ann freagraí ‘oscailte’ a thabhairt (seachas freagraí a roghnú ó thacar freagraí ilrogha). Ansin cuireadh na freagraí oscailte sin i gcatagóirí agus ionchorpraíodh sa tuarascáil iad. Úsáidtear na smaointe a chomhroinn na freagróirí sa réimse tráchta mar ionchur do na comhphléití topaicbhunaithe éagsúla san obair leantach ar chomhphlé na saoránach: Físeanna den Eoraip.

2. Comhphléití doimhne topaicbhunaithe ar líne

Rinneadh plé níos doimhne ar phríomhthopaicí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa in ocht gcomhphlé thopaicbhunaithe ar líne. Ba é ab aidhm do na comhphléití a fháil amach *cén fáth* a smaoiníonn daoine mar a dhéanann siad, agus na bunchúiseanna agus na mothúcháin atá acu. Cad iad na hábhair imní atá acu agus cé na deiseanna a fheiceann siad amach rompu? Le linn na seisiún comhphlé, tugadh deis freisin do na rannpháirtithe moltaí agus smaointe a chur i láthair i dtaca leis na topaicí sin. Bhí siad in ann freisin saincheisteanna a tharraingt anuas nach cuid den Chomhdháil iad ach a ngabhann tábhacht leo dóibh.

Bhí na comhphléití topaicbhunaithe sin ar siúl an 12 agus an 14 Deireadh Fómhair agus an 9 agus an 11 Samhain. I mí Dheireadh Fómhair, bhí ceithre chomhphlé thopaicbhunaithe ar líne faoi topaicí sa chnuasach maidir leis an ngeilleagair agus an daonlathas. I mí na Samhna, bhí ceithre chomhphlé thopaicbhunaithe ar líne faoi topaicí sa chnuasach maidir leis an aeráid agus an Aontas Eorpach sa domhan. Ghlac 29 nduine ar an meán páirt i ngach ceann de na seisiúin chomhphlé (231 san iomlán). Earcaíodh rannpháirtithe ó chomhaltaí an phainéil (féach 1) agus trí na meáin shóisialta.

3. Comhphléití le grúpaí sonracha

Tá a fhios againn gur lú an taithí atá ag grúpaí áirithe daoine ón Ísiltír ar pháirt a ghlacadh i suirbhéanna agus i bpainéil (ar líne). Chun léargas ionadaíoch a fháil ar ‘guth na hÍsiltíre’ ba thábhachtach ligean dóibh a smaointe agus a dtuairimí a chur in iúl freisin. Ba é sin an chúis ar eagraíomar roinnt comhphléití duine le duine do Físeanna na hEorpa. Úsáideadh na tuairimí agus na smaointe a bhailíomar trí na comhphléití sin mar cheann de na boinn do na moltaí.

Spríocghrúpaí

Níl aon sainiú soiléir déanta ar spríocghrúpaí ar deacair iad a bhaint amach. Léiríonn taighde agus taithí gur éadóiche go mór go nglacadh duine ón Ísiltír **nach ó chúlra an domhain thiar** é nó í páirt ar bhonn deonach i suirbhéanna agus i bplé. Ós grúpa mór iad (14 % de dhaonra na hÍsiltíre), roghnaíodh iad le bheith rannpháirteach sa chomhphlé Físeanna den Eoraip. Cuireadh na hualuithe céanna i bhfeidhm i gcás **daoine a bhfuil leibhéil ísle litearthachta acu**. Is grúpa mór é sin freisin (2.5 milliún duine san Ísiltír), atá ag forlú go páirteach leis an ngrúpa imirceach (39 %). Ar deireadh, reáchtáladh comhphlé le grúpa arb annamh a fheictear iad i suirbhéanna agus i bplé, **grúpa a fhaigheann locht ar an Eoraip ach a bhíonn ag déileáil go gairmiúil go minic léi**. Roghnaíodh gnólachtaí in earnáil na talmhaíochta le páirt a ghlacadh.

Chuathas i dteagmháil leis na grúpaí thuas trí eagraíochtaí ina mbíonn siad rannpháirteach, amhail comhlachais imirceach, grúpaí sainleasa agus eagraíochtaí gairmiúla. Toisc gur chuireamar teorainn d'ocht gcinn ar líon na gcomhphléití ní fhéadfaimis gach duine a chlúdach. Ciallaíonn sé sin go raibh roghnú na rannpháirtithe rud beag treallach. Agus rannpháirtithe á roghnú againn, lorgaíomar go háirithe daoine a bheadh díograiseach maidir le pháirt a ghlacadh agus cabhair a thabhairt chun an chosmhuintir a shlógadh, agus d'fhéachamar freisin ar chúrsaí praiticiúla ar nós daoine a bheith ar fáil ar dhátaí áirithe agus in áiteanna áirithe.

Tionóladh comhphléití ar an láthair le comhaltaí ó na heagraíochtaí seo a leanas:

- *Stichting Hakder*, an pobal Alabhaíteach, Schiedam
- *Stichting Asha*, an pobal Hiondústánach, Utrecht (dhá sheisiún comhphlé)
- *Piëzo*, eagraíocht na sochaí sibhialta, Zoetermeer
- *Taal doet Meer*, eagraíocht litearthachta, Utrecht
- *BoerenNatuur*, comhlachas comharchumann talmhaíochta
- *Marokkanen Dialoog Overvecht* (Comhphlé Maracach Overvecht) pobal Mharacó, Utrecht
- *Femmes for Freedom*, grúpa sainleasa do mhná ó chúlra imirceach, an Háig

Ghlac 110 nduine ar an iomlán páirt sna cruinnithe comhphlé sin.

4. Comhphléití le daoine óga

Is spriocghrúpa tosaíochta don Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa iad daoine óga. Chun a rannpháirtíocht sa chomhphlé saoránach Físeanna den Eoraip a spreagadh go gníomhach, agus chun téagar sa bhreis a chur le tuairimí agus smaointe an ghrúpa seo, eagraíodh cúig chruinniú comhphlé duine le duine go speisialta do dhaoine óga. Ba ghá an séú cruinniú le daoine óga a bhí beartaithe a chur ar ceal de dheasca shrianta Covid.

Tionóladh cruinnithe sna hinstiúidí seo a leanas:

- *Studievereniging Geschiedenis*, cumann na mac agus iníonacha léinn staire, Ollscoil Leiden
- *Dr. Knippenbergcollege*, meánscoil, Helmond
- *Coalitie-Y*, cumann óige na Comhairle Socheacnamaíoch (SER)
- *Graafschap College*, Institiúid MBO, Doetinchem
- *CSG Jan Arentsz*, meánscoil STEM (*technasium*), Alkmaar

Ghlac 95 dhuine ar an iomlán páirt sna cruinnithe comhphlé sin.

Na teicnící plé a úsáideadh

Úsáideadh an modh Sócraiteach do na chomhphléití topaicbhunaithe ar líne, na comhphléití le grúpaí sonracha agus na comhphléití le daoine óga. Tá an modh sin in úsáid le blianta anuas san Ísiltír dár ‘Lá Comhphlé’, lá a labhraíonn daoine ar fud na hÍsiltíre le chéile ar shaincheisteanna a bhaineann leo. Leis an modh Sócraiteach cuireann an modhnóir na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm:

- Lig do gach duine a scéal féin a insint
- Ná hiniis frith-scéal láithreach
- Bíodh meas agat ar gach duine
- Labhair ar do shon féin (‘Is dóigh liomsa’ seachas ‘deir siad’)
- Iarr ar dhaoine iad féin a mhíniú mura mbeidh ag teacht aníos ach ráitis róghinearálta
- Ná tabhair breith ach déan na tuairimí a fhiosrú
- Lig do dhaoine tamall ciúnais a bheith ach lena marana a dhéanamh más gá

Leanann an comhphlé an patrún seo: dibhéirseacht – cóineasú – dibhéirseacht. Is é go gcaithfidh tú ar dtús dibhéirsiú (slí a dhéanamh do mhothúcháin agus tuairimí duine) sular féidir leat cóineasú (treonna féideartha a phlé) agus ar deireadh dibhéirsiú arís (e.g. moltaí aonair a bhailiú). Léiríonn an teoiric agus an cleachtas go gcinntíonn an patrún seo comhphlé réidh.

Threoraigh éascaitheoirí gairmiúla na comhphléití go léir.

5. Suirbhé oscailte ar líne: Ceistneoir agus ‘Svaidhpeáil go dtí an todhchaí’

Bhí ceistneoir an tsuirbhé painéil oscailte do shaoránaigh uile na hÍsiltíre, lena n-áirítear iadsan a bhfuil cónaí orthu thar lear. Bhí an ceistneoir oscailte ón 1 Meán Fómhair 2021 go dtí an 14 Samhain 2021. Ina theannta sin, le linn na tréimhse céanna, bhí gach Ísiltíreach in ann páirt a ghlacadh leis an uirlis ‘Svaidhpeáil go dtí an todhchaí’, uirlis ar líne ar a bhfuil 20 ráiteas.

Freagairt agus cur chun feidhme

Líon 1 967 bhfreagróir san iomlán an ceistneoir agus líon 6 968 nduine an uirlis svaidhpeála ina hiomláine. Bhí an ceistneoir agus an uirlis svaidhpeála oscailte do chách; ní raibh aon réamhchoinníollacha ná critéir roghnúcháin chun páirt a ghlacadh. D’fhéadfaí ceisteanna sa cheistneoir a scipeáil (ní raibh aon cheisteanna éigeantacha ann) chun líon na bhfreagraí a uasmhéadú. Ba mhinice go mór a d’fhreagair na rannpháirtithe ‘B’fhéarr liom gan a rá’ sa cheistneoir ná sa suirbhé painéil ionadaíoch.

Bhí cúlraí na rannpháirtithe sa cheistneoir oscailte agus san uirlis svaidhpeála éagsúil ó chúlraí na rannpháirtithe sa suirbhé painéil ionadaíoch ar roinnt bealaí. Níl torthaí an cheistneora oscailte ná na huirlise svaidhpeála ionadaíoch, murab ionann agus torthaí an tsuirbhé painéil. Úsáideadh torthaí an tsuirbhé oscailte ar líne chun cur leis an suirbhé painéil. Tugann siad léirstean ar na mothúcháin agus na smaointe atá forleathan san Ísiltír faoi láthair. Baineadh úsáid as na moltaí maidir le feabhsú a tugadh sna réimsí saorthéacs san fhothopaic ‘Plé agus smaointe ar líne agus i bpearsa’. Úsáideadh an uirlis svaidhpeála chun léirstean a fháil ar roinnt de na mothúcháin atá thuas san Ísiltír. Cuireadh na torthaí san áireamh agus na moltaí á n-ullmhú. Ós rud é gur riachtanas é go mbeadh sé ionadaíoch, ní thugtar ach aird áirithe sa tuarascáil seo ar thorthaí an tsuirbhé oscailte ar líne.

Foilseachán de chuid na hAireachta Gnóthaí Eachtracha é seo.
www.kijkopeuropa.nl